Comhairle an
Aontais Eorpaigh

An Bhruiséil, 6 Meán Fómhair 2023
(OR. en)

12416/23

Comhad Idirinstitiúideach:
2023/0204 (NLE)

JUR 494
COMAR 34
COJUR 42
ENV 919

## GNÍOMHARTHA REACHTACHA AGUS IONSTRAIMÍ EILE

| | |
|---|---|
| Ábhar: | CINNEADH ÓN gCOMHAIRLE maidir le síniú, thar ceann an Aontais Eorpaigh, an Chomhaontaithe faoi Choinbhinsiún na Náisiún Aontaithe maidir le Dlí na Farraige maidir le caomhnú agus úsáid inbhuanaithe na bithéagsúlachta muirí i limistéir lasmuigh den dlínse náisiúnta |

**CINNEADH (AE) 2023/ ... ÓN gCOMHAIRLE**

**an ...**

**maidir le síniú, thar ceann an Aontais Eorpaigh, an Chomhaontaithe faoi Choinbhinsiún na Náisiún Aontaithe maidir le Dlí na Farraige maidir le caomhnú agus úsáid inbhuanaithe na bithéagsúlachta muirí i limistéir lasmuigh den dlínse náisiúnta**

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe Airteagal 192(1), i gcomhar le hAirteagal 218(5) de,

Ag féachaint don togra ón gCoimisiún Eorpach,

De bharr an méid seo a leanas:

(1) Trí bhíthin Chinneadh 98/392/CE ón gComhairle[1], thug an Comhphobal Eorpach i gcrích Coinbhinsiún na Náisiún Aontaithe an 10 Nollaig 1982 maidir le Dlí na Farraige agus Comhaontú an 28 Iúil 1994 maidir le cur chun feidhme Chuid XI de i ndáil leis na hábhair sin a rialaíonn sé agus ar aistrigh a Bhallstáit inniúlacht ina leith chuig an gComhphobal . Go dtí seo, is é an tAontas an t-aon eagraíocht idirnáisiúnta ar Páirtí é i gCoinbhinsiún na Náisiún Aontaithe maidir le Dlí na Farraige de réir bhrí Airteagal 305(1)(f) de Choinbhinsiún na Náisiún Aontaithe maidir le Dlí na Farraige agus Airteagal 1 d'Iarscríbhinn IX a ghabhann leis.

(2) I rún 72/249 uaidh an 24 Nollaig 2017 a ghlac Comhthionól Ginearálta na Náisiún Aontaithe, chinn sé comhdháil idir-rialtasach a thionól, faoi choimirce na Náisiún Aontaithe, chun mionsaothrú a dhéanamh ar théacs ionstraime idirnáisiúnta a bheadh ceangailteach ó thaobh dlí faoi Choinbhinsiún na Náisiún Aontaithe maidir le Dlí na Farraige maidir le caomhnú agus úsáid inbhuanaithe na bithéagsúlachta muirí i limistéir lasmuigh den dlínse náisiúnta.

(3) An 19 Márta 2018, d'údaraigh an Chomhairle an Coimisiún chun caibidlíocht a dhéanamh, thar ceann an Aontais, a mhéid a bhaineann le ábhair a thagann faoi inniúlacht an Aontais agus a bhfuil rialacha glactha ag an Aontas ina leith, i ndáil le hionstraim idirnáisiúnta a bheadh ceangailteach ó thaobh dlí faoi Choinbhinsiún na Náisiún Aontaithe maidir le Dlí na Farraige maidir le caomhnú agus úsáid inbhuanaithe na bithéagsúlachta muirí i limistéir lasmuigh den dlínse náisiúnta.

[1] Cinneadh 98/392/CE ón gComhairle an 23 Márta 1998 a bhaineann leis an gComhphobal Eorpach do thabhairt i gcrích Choinbhinsiún na Náisiún Aontaithe an 10 Nollaig 1982 maidir le Dlí na Farraige agus Chomhaontú an 28 Iúil 1994 a bhaineann le cur chun feidhme Chuid XI de (IO L 179, 23.6.1998, lch. 1).

(4) Is páirtithe i gCoinbhinsiún na Náisiún Aontaithe maidir le Dlí na Farraige iad an tAontas agus a Bhallstáit araon agus tá inniúlacht acu sna réimsí a chumhdaítear leis an gcaibidlíocht; dá bhrí sin, ghlac an tAontas páirt sa chaibidlíocht ar théacs na hIonstraime sin in éineacht lena Bhallstáit.

(5) Cuireadh an chaibidlíocht i gcrích go rathúil, ag suí eile arís den chúigiú seisiún den chomhdháil idir-rialtasach a reáchtáladh i Nua-Eabhrac ón 19 go dtí an 20 Meitheamh 2023 inar glacadh an Comhaontú faoi Choinbhinsiún na Náisiún Aontaithe maidir le Dlí na Farraige maidir le caomhnú agus úsáid inbhuanaithe na bithéagsúlachta mhuirí i limistéir lasmuigh den dlínse náisiúnta ('Comhaontú BBNJ').

(6) Ghlac an tAontas agus a Bhallstáit páirt ghníomhach i dtoradh rathúil na caibidlíochta.

(7) Cumhdaítear ceithre réimse i gComhaontú BBNJ: acmhainní géiniteacha muirí lena n-áirítear comhroinnt chothrom agus chothromasach sochar (Cuid II de Chomhaontú BBNJ), bearta mar shampla uirlisí bainistíochta limistéarbhunaithe, lena n-áirítear limistéir mhuirí faoi chosaint (Cuid III de Chomhaontú BBNJ), measúnuithe tionchair comhshaoil; (Cuid IV de Chomhaontú BBNJ), chomh maith le fothú acmhainneachta agus teicneolaíocht mhuirí a aistriú (Cuid V de Chomhaontú BBNJ). Le Comhaontú BBNJ, tacófar tuilleadh le Clár Oibre 2030 na Náisiún Aontaithe don Fhorbairt Inbhuanaithe a bhaint amach, go háirithe Sprioc Forbartha Inbhuanaithe 14 ('Beathra Faoin Uisce') agus rannchuideoidh sé le spriocanna agus aidhmeanna Chreat Domhanda Bithéagsúlachta Kunming-Montreal a bhaint amach.

(8) Tá Comhaontú BBNJ i gcomhréir le cuspóirí comhshaoil an Aontais dá dtagraítear in Airteagal 191 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, eadhon cáilíocht an chomhshaoil a chaomhnú, a chosaint agus a fheabhsú; sláinte an duine a chosaint; acmhainní nádúrtha a úsáid go stuama réasúnach; agus bearta a chur chun cinn ar an leibhéal idirnáisiúnta chun déileáil le fadhbanna comhshaoil réigiúnacha nó domhanda, agus go háirithe chun an t-athrú aeráide a chomhrac.

(9) I gcomhréir le hAirteagal 65 de Chomhaontú BBNJ, tá an comhaontú ar oscailt lena shíniú ag an Aontas.

(10) Ní dhéanfaidh síniú an Chomhaontaithe thar ceann an Aontais difear do leithdháileadh na n-inniúlachtaí idir an tAontas agus a Bhallstáit. Níor cheart a léiriú leis an gCinneadh sin gur féidir leis an Aontas an deis a thapú a inniúlacht sheachtrach a fheidhmiú maidir leis na réimsí a chumhdaítear faoin gComhaontú a thagann faoi inniúlachtaí roinnte sa mhéid nár feidhmíodh an inniúlacht sin go hinmheánach ag an Aontas fós.

(11) Ba cheart an tAontas a bheith ina Pháirtí i gComhaontú BBNJ in éineacht lena Bhallstáit, ós rud é go bhfuil inniúlachtaí acu beirt sna réimsí a chumhdaítear leis an gcomhaontú. Tá an Cinneadh seo gan dochar do shíniú an chomhaontaithe ag na Ballstáit, i gcomhréir lena nósanna imeachta inmheánacha.

(12) Tá an Cinneadh seo gan dochar d’aon socruithe arna ndéanamh ag an Aontas agus ag a Bhallstát maidir lena bhfreagrachtaí faoi seach i ndáil le comhlíonadh a n-oibleagáidí faoi Chomhaontú BBNJ atá le déanamh de bhun Airteagal 67 de Chomhaontú BBNJ.

(13) Tá an Cinneadh seo gan dochar do cheannasacht, cearta ceannasacha agus dlínse na mBallstát i gcomhréir le Coinbhinsiún na Náisiún Aontaithe maidir le Dlí na Farraige.

(14) Ba cheart Comhaontú BBNJ a shíniú,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

*Airteagal 1*

Údaraítear leis seo, thar ceann an Aontais, an Comhaontú a shíniú faoi Choinbhinsiún na Náisiún Aontaithe maidir le Dlí na Farraige maidir le caomhnú agus úsáid inbhuanaithe na bithéagsúlachta muirí i limistéir lasmuigh den dlínse náisiúnta ('an Comhaontú'), faoi réir faoi réir an Comhaontú sin a thabhairt i gcrích[1].

*Airteagal 2*

Leis seo, údaraítear Uachtarán na Comhairle an duine (na daoine) a ainmniú a mbeidh sé de chumhacht aige/acu an Comhaontú a shíniú thar ceann an Aontais.

*Airteagal 3*

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm dáta a ghlactha.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil,

*Thar ceann na Comhairle*
*An tUachtarán*

---

[1] Foilseofar téacs an Chomhaontaithe in éineacht leis an gcinneadh tráth a thabhairt i gcrích.